# Guth Ghoill

€3



Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.
Fón: 074 9154830 / R-phost: ceimaniar@eircom.net Facebook: Céim Aniar Teo

# CLÁR


| | |
|---|---|
| Coirnéal Nan | 2 |
| Nuachtáin Ghaeilge & Léamh na Gaeilge | 7 |
| An Fómhar | 12 |
| Comórtas Peile na Gaeltachta 2019 | 15 |
| Brú an Óige Thrá na Rossan | 20 |
| Campaí Samhraidh Gaeilge Chéim Aniar | 23 |





Tá sé mar nós agamsa ar na laethanta seo, nuair atá an tráthnóna maith, sos a ghlacadh ar sheanbhinse adhmaid ar chúl a' tí.

Suím ansin ar mo shuaimhneas ag amharc amach ar an Mhaol Ruaidh. Sin radharc nach n-éireofá tuirseach de a choíche, mar dár ndóighe chan an radharc céanna a bhíonn ann dhá lá i ndiaidh a chéile. An chuid is mó den am bíonn tionchar de shórt éigin ag an ghaoth ar chruth na Maoile Ruaidhe, ba chuma cad é chomh lag is a bheadh an séideán. Ach, anois is arís tagann tráthnóna deas brothallach gan smid gaoithe is luíonn an t-uisce go réidh cothrom, gan bogadh de shórt ar bith. Sin na tráthnónta is fearr liomsa.

Tá cuibhreann idir cúl tí s'againne agus an Mhaol Ruaidh agus níl a dhath níos deise na bó nó dhó a bheith ina luí ar an fhéar ghlas is iad ag cogaint na círe is



gan a dhath faoin spéir ag cur isteach nó amach orthu. Tá sé greannmhar na rudaí a thugann sásamh duit is tú ag dul in aois. Bhí lá den tsaol is bhí me tinn ag amharc ar na ba mar bheinn amuigh ag buachailleacht ag a' seacht a chlog achan mhaidin roimh am scoile. Cibé ar bith tá na laethanta den chineál sin thart, tá siad imithe mar a bheadh clocha sneachta ón talamh lá Bealtaine, buíochas do Dhia. Tá saol an mhadaigh bháin ag na páistí anois is nach maith sin dóibh. Ach, a chairde chan amhlaidh a bhí sé do pháistí sa tír seo idir an dá chogadh domhanda agus sin an t-am atá mé ag dul ar ais chuige leis an scéal seo a tharraingt ó mo chuimhne.

Bhí gasúr óg darbh ainm Condaí ina chomharsan bhéal dorais agamsa is muid beag nó mór ar chomhaois. Bhí an bheirt againn ar an leathanach céanna sa



leabhair sums cibé. Thiocfadh baicle againn na bhaile ón scoil achan tráthnóna agus bheadh achan rith, achan gháire, achan léim is achan ghlam asainn is muid ag teacht aniar fríd an chaorán. Chluinfeadh ár muintir sinn ag teacht i bhfad sula bhfaigheadh siad radharc súl orainn. Ba sin an pháirt den lá ar bhain muid uilig sult as. Bhí lá scoile eile thart is bhí craic le baint as an turas 'na bhaile. Sin turas nach raibh deifre ar bith orainn a thabhairt chun críche mar bhí muid i measc cairde agus gan a dhath ag feitheamh sa bhaile orainn ach tuilleadh oibre.

Bhí seanbhean darbh ainm Nellie an droichid ina cónaí píosa maith siar a' bealach thart fá thrí mhíle go leith ó na Doirí Beaga agus bhí siopa aici. (Chan Nellie a bhí uirthi ach déanfaidh sé cúis don scéal seo).



Bhí achan sórt le fáil sa tsiopa seo. Bhí málaí plúir a raibh sé chloch déag de mheáchan iontu. Nach láidir na fir a bhí ann an t-am sin mar chan ag magadh atá mé, ba mhinic a chonaic mé fear ag teacht amach ón scioból is mála acu ar a ghualainn is chaitheadh sé an mála suas ar dhroim asail nó ar dhroim capaill ansin. Caithfidh mé a admháil nach bhfaca mé mála sé chloch déag de phlúr ag dul isteach i dteach s'againne ariamh mar chosnódh sé fortún is cha raibh ariamh, le dhá chloigeann déag sa teaghlach, an cineál sin airgid ag dul.

Cibé ar bith fuair Condaí jab sa tsiopa mór seo ar tugadh Stór Nellie air. Tá mé den bharúil go raibh rudaí cruaidh agus teann go leor fá theach Chondaí. Bhí sláinte a athair briste agus bí seachtar clainne sa teach. Mar sin de bhí lúcháir ar Chondaí jab de shórt ar bith a fháil.

D'fhágfadh sé an teach luath i ndiaidh a sé ar maidin agus rithfeadh sé rith an bhealaigh chuig Stór Nellie.

Bhí air dul isteach ag a seacht a chlog achan mhaidin Sathairn ag déanamh jabanna beaga is cha dtiocfadh sé na bhaile arís roimh a seacht a chlog tráthnóna. Bhí sin olc go leor sa tSamhradh ach nuair a thiocfadh na laethanta gairide isteach bheadh ar Chondaí bocht a bhealach fhéin a dhéanamh 'na bhaile i ndubhdhorchadas na hoíche is gan leis ach sluasaid bheag is aibhleog dhearg ón tine le solas suarach a thabhairt dó.

Bhí liosta de na jabanna a bhí le déanamh ag Condaí déanta amach ag Nellie is thug sí an liosta dó nuair a landáil sé achan Sathairn. Leoga i dtaca le Condaí de char athraigh an liosta ó sheachtain go seachtain nó ó mhí go mí. 'Chores' a thug Nellie ar na jabanna seo agus sé 'n chéad 'chore' a bhí aige i gcónaí ná an mhóin a thabhairt isteach agus tine a chur síos sa tsiopa agus an rud céanna a dhéanamh i dteach Nellie a bhí ceangailte leis an tsiopa. Ansin bhí aige le huisce a thabhairt isteach ón abhainn. Cha raibh sin chomh olc ach má bhí tréimhse triomlaigh i ndiaidh a bheith ann bheadh air an dá bhairille le taobh a' tí a líonadh. Bhí sin uilig le bheith déanta roimh a hocht a chlog, cé acu a raibh grian sa spéir nó troigh sneachta ar an talamh.  D'osclódh Nellie an siopa ag a hocht a chlog géar. Chaithfeadh Nellie an lá istigh sa tsiopa ansin agus cha ligfeadh sí do dhuine ar bith eile dul ar chúl an chuntair mhóir aird agus má bhí uirthi imeacht ar chúis ar bith dhruidfeadh sí an siopa go dtí go dtiocfadh sí ar ais, bí-odh sin ina chúig bhomaite no ina uair.

Bhí doras beag ar chúl an chuntair a chuaigh isteach i seomra mór agus is isteach sa tseomra sin a rachadh Condaí agus thosódh sé ag líonadh málaí beaga donna le tae, le siúcra, le plúr is le rísíní.  Bhí dúil mhór ag Condaí sna rísíní.



Bheadh ocras an domhain ar Chondaí fán am seo ach ní bhfaigheadh sé greim le cur ina bhéal roimh a deich nuair a scairtfeadh Nóra, girseach óg a bhí mar shearbhónta ag Nellie, ar Chondaí isteach 'na tí.

Istigh ansin gheobhadh sé cupán tae, ubh bhruite agus píosa aráin úir. Cha bheadh


ganntanas uibheacha ariamh fán Stór mar dhíolfadh mná na paróiste a gcuid uibheacha le Nellie. Is é sin an gnás a bhí ag na mná le cúpla pingin a dhéanamh dófa fhéin.

Deich mbomaite a gheobhadh Condaí agus b'fhearr dó a bheith sa tseomra cúil arís ag líonadh na málaí nuair a bhíodh a chuid ama istigh.

Chan iontas ar bith mar sin go mbeadh Condaí i gcónaí ag ithe na rísíní i ngan fhios do Nellie. Bhail shíl sé gur sin mar a bhí. Choinneodh Condaí cluas ghéar amuigh is nuair a chluinfeadh sé Nellie ag caint le custaiméir rachadh cuid de na rísíní isteach i mála agus an chuid eile i mbéal Chondaí. Bhí go breá is cha raibh go holc go dtí gur fhoscail an doras beag go tapaigh lá amháin is shiúl Nellie isteach agus fuair sí Condaí bocht ina sheasamh ansin is a bhéal lán rísíní. Bhail, sin an seomra ina raibh an tintreach is an toirneach an lá sin. Bhuail sí cnag ar chúl chloigeann Chondaí. "Caith amach mo chuid rísíní, a spailpín bhig shalaigh", a scairt sí. Chan fhaca Condaí ciall ar bith le sin mar chan isteach i mála donn a bheadh siad ag dul is shlog sé siar an t-iomlán. "Bhail is tú an guilpín de shlogaire," a scairt sí isteach ina aghaidh, "má fheicimse rísín amháin eile ag dul isteach sa bhuicéad do bhéal sin gheobhaidh tú an bóthar. An dtuigeann tú mé?" Nodáil Condaí léi mar bhí eagla air labhairt ar eagla go spréifeadh sé píosaí de rísíní uirthi. "Labhair liom," arsa Nellie go feargach. "Is ná bí ag nodáil liomsa mar a bheadh seanchearc ghoir ann."

Lig Condaí slog amháin eile siar agus dhírigh sé a shúile ar an doras is labhair sé. "A Nellie," a dúirt sé, "ní rachaidh rísín amháin eile isteach i mo ghob ón lá seo go lá Sheoin Dick." D'amharc sé uirthi ansin. "M'anam le Dia, a Nellie, tá m'fhocal agat ar sin."

"Huh!" Arsa Nellie, "d'anam le Dia! An síleann tú gur amadán atá ionamsa, a ghadaí gan mhúineadh. D'fhocalsa? Huh! Éist liom. A fhad is atá tusa istigh sa tseomra seo ag líonadh na malaí bíodh an doras beag sin foscailte agat agus tusa ag feadaíl. Má stadann an fheadaíl beidh a fhios agamsa go bhfuil tusa ag ithe na rísíní agus gheobhaidh tú an bóthar." Bhí clog beag ar dhoras an tsiopa agus chuala sí é. D'amharc sí ar Chondaí agus chroith sí a méar leis agus amach léi chuig an chustaiméir. D'fhág sí an doras beag foscailte agus thosaigh Condaí ag feadaíl 'The Minstrel Boy' agus é ag cur rísíní isteach i mála beag donn a bhí ar an scála tomhais is é ag déanamh a sheacht dhícheall gan a



bheith ag gáire.

Bhí Nellie breá sásta léi fhéin mar shíl sí de thairbhe plean s'aici go bhfuair sí an bhuaidh ar Chondaí. A fhad is a bhí an feadaíl ag dul cha dtiocfadh leis na rísíní a ithe. Ach, chan amhlaidh a bhí, chuaigh plean s'aici bealach an gharraí mar tháinig Condaí aníos le plean dá chuid fhéin.

Sé an rud a bhí ann nó go líonfadh Condaí a oiread málaí le tae, le siúcra is mar sin, is a choinneodh an Stór i dul fá choinne seachtaine. Mar sin de cha raibh am ar bith le cur amú aige mar bhí tuilleadh oibre le déanamh taobh amuigh. Shiúl sé na bhaile an tráthnóna sin is é ag smaoiteamh ar an dóigh a bhfuair Nellie an bhuaidh air. Sula i bhfad bhris miongháire amach ar a aghaidh agus las a chuid súile le diabhlaíocht.

Bhí cara le Condaí, JJ a bhí air, ina chónaí in aice leis an Stór agus an chéad Sathairn eile a bhí Condaí sa tseomra cúil chuala sé tapáil chiúin ar an fhuinneog. Chuaigh sé anonn agus d'fhoscail sé an fhuinneog. Tháinig JJ isteach i ngan fhios do Nellie is sheas sé ar chúl an dorais. Chríochnaigh Condaí véarsa den phort agus thug sé nod dó JJ. Tharraing JJ a anáil is thosaigh sé ag feadaíl 'The Minstrel Boy'. Chuir Condaí crág rísíní isteach ina bhéal is bhain se sult as achan cheann acu. D'imigh JJ ansin is a phóca lán rísíní agus é breá sásta. Nuair a bhí na málaí uilig lán chuir Condaí a chloigeann fríd an doras beag is stad sé ag feadaíl. "Tá shúil agam gur fhoghlaim tú ceacht, a ghasúir," a dúirt sí. "Ó, is mé a d'fhoghlaim," a Nellie, arsa Condaí. "Is mé a d'fhoghlaim."

*Beidh tuilleadh fá Chondaí agus Nellie sa chéad scéal eile.*



# NUACHTAIN GHAEILGE & LÉAMH NA GAEILGE

Nach iontach an rud é go bhfuil céadatán ard de mhuintir na hÉireann atá ábalta Gaeilge a léamh ach sin agus eile níl páipéar nuachta Gaeilge ar bith againn atá i ndán seasacht ar a bhonnaí fhéin agus leoga tá sé feicthe go minic againn nach maireann foilseacháin Ghaeilge rófhada fiú le cuidiú ón Stát.

Is cinnte go bhfuil rud éigin ag an Ghaeilge chaighdeánach le déanamh le seo mar gur mhinic a chloiseann tú an tseanmhuintir ag rá nach hionann Gaeilge an lae inniu agus Gaeilge labhartha s'acu fhéin nó an Ghaeilge a bhí a léamh acu ar an scoil agus is fíor dóibh é.

Ceann de na hathruithe móra a tháinig ar an Ghaeilge ag tús na seascaidí ná gur cuireadh deireadh le húsaid an tséimhithe agus cuireadh 'h' ina áit. Lena chois sin, ar an drochuair, athraíodh crot cuid mhaith de na litreacha, rud a chur leis na deacrachtaí.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Saṁraḋ | Geiṁreaḋ | Farraige | Tráiġ | Teaċ |
| Samhradh | Geimhreadh | Farraige | Tráigh | Teach |

Mar bharr donais do na daoine seo b'éigean aistriúchán a dhéanamh do na mílte focal úr a bhí ag teacht isteach sa chaint, a leithéidí uirlísí agus gléasanna úra – bhí muid istigh i ré úr, sin ré na teicneolaíochta. Cha bheadh ciall ar bith na focla úra seo a tháinig chugainn, go háirithe on bhéarla, a fhágáil gan iad a aistriú go Gaeilge ach ba seo an rud ar bhaist na daoine 'Gaeilge an leabhair air'. Char thaitin cuid mhaith de na focla nuachumtha seo le lucht na Gaeilge, go háirithe cainteoirí dúchais. Measadh go raibh cóta an bhéarla ar chuid mhaith den aistriúchán a rinneadh ar a lán de na focla ach 'sé an rud nár tuigeadh i gceart ná gur bhain aistritheoirí úsáid as an tseanghaeilge go minic fosta le focla a aistriú. Seo cuid de na focla ata i gceist:

***Cuisneoir Uaireadóir Teilifís Gluaisteán Ríomhaire Idirlíon***

Bhí céadatán ard de bhunadh na Gaeltachta a dhiúltaigh úsáid a bhaint as na focla seo agus bhí siad iontach dímheasúil faofa. Ba mhór an truaighe seo mar go bhfuil teangacha ag forbairt an t-am ar fad agus gan an fhorbairt seo, déanann teangacha atá níos láidre iad a shlogaint.

Ar feadh tréimhse fada char bhac na Spáinnigh na focla úra a tháinig isteach ina

dteanga ón Bhéarla agus ó theangacha eile a aistriú go Spáinnis agus mheas siad go raibh a dteanga lagaithe go mór nuair a chonacthas dóibh go raibh sé in am an cás a leigheas. Agus caithfear smaoineamh go bhfuil Spáinnis ar cheann de mhórtheangacha an domhain. Mar sin de tá sé fíorthábhachtach go nglactar leis na focla úra a chumtar mar chuid den teanga agus nach mbíonn ár dteanga a truailliú agus a lagú ó lá go lá ag meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla.

Dar ndóigh ceann de na rudaí eile a tharla leis an athrú saoil, go háirithe faoin tuath, ná gur imigh an foclóir a bhain le seansaol na tuaithe as úsaid, an obair agus na huirlísí a bhain leis na seancheirdeanna – an gabha, an gréasaí, an táilliúr, an fíodóir agus sa cheantar seo an saor báid chomh maith le obair an fheirmeora san am sin agus an trealamh a bhí acu.



Amharcaimid anois ar chuid de na focla a chuaigh leis na ceirdeanna agus nach bhfuil in úsáid a thuilleadh.

## An Gabha.

Bhí gabha nó bfhéidir cúpla gabha in achan cheantar san am atá caite agus bhí foclóir le dhul leis mar a bhí:

**Crú, cruitheacha, inneoin – ceap na hinneona agus gob na hinneona - an t-ord mór, an t-ord beag, na builg, maide builg.**

Is dócha go dtiocfaí a rá gur ghlac an táthaire (welder) áit an ghabha sa phobal ach cha dtig cruitheacha a tháthú ar bheathach?



## An Gréasaí.

Chan amháin gur chóirigh an gréasaí bróga ach rinne sé bróga úra fosta. I measc na ngléasanna agus na n-acraí a bhíodh ag an ghréasaí bhí:



**An ceap, an meanaidh, scian ghéar, casúr, céir, ruóg.**

## Obair agus uirlísí an Fheirmeora.

Bhí cuid mhór trealaimh agus acraí fá theach an fheirmeora nach bhfuil le feiceáil anois dár ndóigh. Tá innealra níos nua-aimsearaí ag an fheirmeoir anois agus an foclóir a chuaigh le seansaol an fheirmeora



imithe mar a d'imigh  na huirlísí féin:

**Céachta, seisreach, ag treabhadh, treabhadóir, na hannlaí, trasnáin, an clár, soc, coltar, na cuing, dromacháin, cliath fhuirste.**

Féar:  **corrán, speal, crann na speile, lann, duirnín, bacán, cloch fhaobhair, racán, cocaí, cruach.**



Prátaí: **rómhair, treabhaigh, Iomaire, druileanna, aolach, clasaigh, scoilteán, lánú, barr bán.**

An Mhóin: **sleán, bachta, barrhód, ag páráil, poll portaigh, fódaí.**

Nuair a bhí muid ar an scoil bhí tábhacht mhór ag baint le foclóir na bpáistí agus muna raibh na focla againn a bhain le ceirdeanna agus leis an saol a bhí thart orainn bhí orainn iad a fhoghlaim.

# AMÁRACH.



AMARACH

GAELDATA

GUTH NA GAELTACHTA

AG IARRAIDH MUINTIR CHONAMARA A CHOINNEAIL SA bPUITEACH

S.H.B. A DÓ

Míl an tSulóin

Ach bhí réimse de nuachtáin Ghaeilge againn ar feadh na mblianta. Is dócha go raibh An Claidheamh Soluis, Páipéar nuachta seachtainiúil Chonradh na Gaeilge 1899-1932 ar cheann de na nuachtáin Ghaeilge ba cháiliúla a bhí againn toisc, is docha, go raibh Padraig Mac Piarais mar eagarthóir ar an pháipéar seo ar feadh tréimhse. Rinneadh an páipéar seo a fhoilsiú fosta faoi theidil eile—'Fáinne an Lae' agus 'Misneach'.

Ansin lean nuachtáin eile macasamhail  – Amárach, Anois, Foinse, Inniu, Lá, an Phoblacht, Saol. Amach as an chomhcheangal idir   Amárach agus Inniu sa bhliain 1984  tháinig an nuachtán Gaeilge 'Anois'.

Ba ghnách le nuacht as na ceantracha éagsúla Gaeltachta a bheith le fáil in 'Amárach'. Agus ba ó lámh Dhoimnic Uí Cheallaigh, fear léinn as an Dúchoraidh, a raibh cónai air sna Dúnaibh Íoch. a tháinig fógraí cheantar Ros Goill.

Tháinig eagrán den pháipéar seo ó Dheireadh Fómhair na bliana 1961 i mo sheilbh agus is dócha go dtiocfaí a rá go dtabharann na fógraí seo léargas beag dúinn ar shaol na ndaoine agus ar eachtraí a tharla chóir a bheith trí fichid bliain ó shin agus fosta go dtabharfann sé daoine siar ar bhóithre na smaointe. Seo cuid de na míreanna ar chuir mé sonrú iontu as 'Nuaíocht as na Dunaibh'

## Slad na Sionnaigh.



Davy Alec Mac Giolla Choinnigh

Tá an dúiche go léir iontach buíoch de Dháibhí Alec Mac Giolla Ionaid (Davy  Alec) as an Mhíobhaí Íochtarach. É ag tarraingt ar aois an tseanphinsean agus naoi madadh rua agus broc 'trapailte' aige le cúpla mí. Bhí trí scór go leith sicíní ag a dhuine muinteartha, Riobard, ach níl fágtha anois aige ach seacht gcinn déag!

## Ar Slabhradh le Súilíní.

Tá na molltraí súilíní agus glasáin a dtabhairt isteach ag iascairí slatach thart fá chósta Ros Goill go h-áirid thíos fá'n Dumhaí agus an Meall Mór. Ní cuimhneach le aon duine fán cheantar oiread éisc a fheiceáil san fharraige – agus méid ar dóigh iontu fosta.

## Dóbair don Chruach Titim.

Bhí cruach fhéir le Stiophán Bhrianí leath-leagtha ar fiar i ndiaidh an mhillteanais gaoithe móire a bhí ann ar na mallaibh. Ach ní raibh Dónal Beag Ó Dochartaigh i bhfad ag tabhairt lámh chuidithe dó leis an chruach a dhíriú arís. Beirt a bhfuil fios a gceirde acu!

## 'Debbie' Caíoch.


Tá muid uilig buartha thart fán chompal seo fán damáiste a rinne Hurricane Debbie ar na mallaibh, í ag siabhadh 110 míle san uair. Ach go háirithe fán Yacht bhreá bhán a chosain chóir ceithre mhíle punt do Mhajor Bevan, sealbhaí na Dundalk Breweries. Tá sí ina conablach faoi thoinn agus, lena chois sin, fuíollach na naoi gcarabhán nach bhfeicfear 'choíche ar rothaí arís.

## Pósadh Mháire Nic Fhionghaile.



Bríd Mhic Eiteagáin & Síle Mhic Pháidín

Bhí spéis ar dóigh ag achan duine fán cheantar seo ins an bhainis dhúbailte a comóradh i gCnoc Fola tamall ó shoin — nuair a pósadh Máire Nic Fhionghaile  (a bhíodh ag obair in Óstán Charraig Airt) ar Shéamus Mhac Lochlainn as an Ghleann. Pósadh a deirfiúr an mhaidin chéanna ar Phil Bán Ó Baoill as Árainn Mhóir – corradh mór is céad ag bricfeasta na bainise in Óstán Shandon i bPort na Bláiche. Fad saoil don dá lánúin.




## Míorúiltí Lourdes.

Fáilte chun an bhaile roimh Bhríd

bean Jimí Antoin Mhic Eiteagáin as an Mhuirleog agus Síle Bean Mhic Pháidín as Doire a' Chasáin. Míorúiltí Dé a thug slán beo iad as an eitleán sin a tháinig anuas fá thubaiste ag Aerphort Bhaile Átha Cliath ar a bealach as Lourdes. Mar deirtí i bhfad ó shoin, ' Tá Dia láidir agus máthair mhaith aige'.



Pride of Ros na Cille

## Ag 'ringeáil' scadán

Tá Séarlaí Mac Giolla Chearra ar leis 'Pride of Ros na Cille', tá sé fhéin agus na Dúganaigh as Ceann Caslach thiar fá Oileán Acaill le cúpla seachtain --- an dá bhád ag 'ringeáil' scadán, agus ádh éisc ar dóigh orthu de réir mar chluinimid; ach nach bhfuil luach ar bith is fiú orthu!

## 'Ridirí' an Round Table.

Bhí bunadh na nDúine iontach uaigneach agus cumhaiúil ó d'imigh an mhórchuid den lucht cuairte uainn. Ach fuair muid faoiseamh ag deireadh na seachtaine nuair a bhí na hóstáin go léir lán go doras arís. Chomhair trí chéad de 'Ridirí an Round Table' a tháinig chugainn as na Sé Chontaethe. Dream de lucht-tráchtála atá iontu—cosúil le muintir an Rotary Club ach go bhfuil siad seo uilig faoi dhaichead bliain d'aois. 'Char dhruid Dia doras ariamh nár fhoscail sé ceann eile' !!

***Sin blaiseadh beag de na himeachtaí a bhí ag dul ar aghaidh fán cheantar chóir a bheith trí fichid bliain ó shin.***

# Teangacha an Domhain.

Agus muid ag caint faoi theangacha, seo roinnt pointí faoi theangacha an Domhain. Sa bhliain 2001 bhí ar a laghad 6,912 teanga éagsúil a labhairt ar fud an domhain mhóir. Measann a lán teangeolaithe (linguists) nach mbeidh ag deireadh an chéid seo, fán bhliain 2101, ach leath na dteangacha seo a labhairt.

Sa bhliain 2005 bhí 204 teanga a raibh níos lú ná deichniúr duine ina bpobal ag labhairt na teangan sin.

Bhí 344 teanga eile a raibh níos lú ná 99 duine ina bpobal ag labhairt na teangan.

De réir mar a gheobhann na daoine seo bás beidh na teangacha sin ag meath agus ag cúngú go dtí nach mbeidh duine ar bith fágtha ag labhairt na teangan sin.

De réir na saineolaithe fosta tosaíonn bás agus meath teanga de thairbhe leatrom a dhéantar go polaitiúil nó go sóisialta in éadan teanga nó lucht a labhartha.

***Cá seasann an Ghaeilge le seo ar fad?***



# An Fómhar

## le Seosamh Ó Cuilinn

Titeann an Fómhar ar an chéad lá de Lúnasa agus maireann sé go dtí an lá deireanach de Dheireadh Fómhair.  Is am deas den bhliain é an Fómhar. Bíonn na laethanta ag éirí níos giorra agus na h-oícheanta ag éirí níos faide. Bíonn dreach galánta ar an ghealach ag an am seo den bhliain agus nuair a bhíonn an ghealach lán bíonn sé chomh geal san oíche agus a bheadh sé i lár an lae. Gealach na gConlach a bheirtear ar an ghealach seo. Seo an t-am den bhliain a mbíonn an coirce ag aibiú agus réidh le gearradh. Is fíor le rá nach bhfuil mórán coirce curtha sa lá ata inniu ann ach bhí am ann a raibh píosa beag coirce curtha ag achan fheirmeoir mar go raibh tábhacht mhór ag baint leis an choirce i bhfad ó shin.  An t-aon dóigh a bhí acu leis an choirce a ghearradh i bhfad o shin ná le speal. Nuair a bhíodh fear ag gearradh an choirce le speal ghlacfadh duine inteacht bata a bheith acu agus an coirce a chruinniú suas roimh an speala-dóireacht. Rodall a thugtar ar seo. Bheadh duine no beirt ag tógáil an choirce i ndiaidh na spealadóireachta, chuirfí cúpla ultach beag ar mhullach a chéile agus dhéanfaí é a cheangal le beilt a dhéanfaí amach as an choirce fosta agus bheadh sopóg agat ansin. Bheadh an coirce níos furasta a ghearradh dá mbeadh faobhar maith ar an speal agus de thairbhe sin bheadh clocha faobhar maithe ag an spealadóir le cinnte a dhéanamh go mbeadh an speal deas géar i rith an ama. Bheadh an chloch fhaobhair fágtha sa tsopóg chéanna ag cionn an chuibhrinn sa dóigh is go mbeadh sé furasta  í a fháil  mar go  mbeadh sé ag cur faobhair ar an speal go minic. Corruair d’fhéadfadh sé go mbeadh driseog no bfhéidir cúl faiche fríd a’ choirce agus dá stróicfeá nó dá ndófá do lámh luath ar maidin bheadh lá fada romhat. Obair mhaslach a bhí ann ag ceangal choirce  agus tú ag coinneáil suas le spealadóir maith agus bhí sé breá docharach ar do dhroim mar go mbeifeá cromtha an chuid is mó den am. Sin cad chuige a gcuirfeá an chloch fhaobhair i bhfolach i sopóg eile i ngan fhios don spealadóir dá mbeifeá ag cuartú scíste beag mar go mbeadh am caite ansin a cuartú. Sa tráthnóna dá mbeifí ag teacht cóngarach don chlaí bheadh achan nduine ag insint duit súil a choinneáil amach don chailleach ach cha raibh sí le feiceáil go fuarasta sin. Nuair a bheifí réidh ag ceangal gheobhfaí an ráca ansin agus chruinneofaí suas









ceannóga ar bith a bheadh ina luí thart. Ansin dhéanfaí na sopóga a thógáil agus chuirfí ceathrar acu ina luí in éadan a chéile, dhéanfaí iad a cheangal le beilt choirce agus bheadh stuca déanta agat ansin. Bheadh ort na sopóga uilig a thógáil ansin agus stucaí a dhéanadh astu uilig agus fosta bheadh sé an-tábhachtach ar fad na stucaí a bheith ina líne díreach. Chaithfeá bheith cinnte agus an sníomh a bheadh ar an bheilt a thiontú isteach sa dóigh agus nach dtarraingeodh sé an t-uisce dá mbeadh fearthainn ag titim. Dá mbeadh aimsir thirim ghrianmhar ann thiocfadh leat cruach choirce a dhéanamh as na stucaí uilig i ndiaidh coicíse nó na mar sin ach dá mbeadh an aimsir briste bfhéidir go mbeadh agat leis na stucai a athrú nó corruair bheadh agat le cúpla stuca a chur le chéile agus huts a dhéanamh astu sula mbeadh siad tirim go leor le cruach a dhéanamh astu. Sula dtosófá ar chruach a dhéanamh chaithfeá lód aitinne a fháil ar dtús agus ciorcal a dhéanamh astu ar an talamh sa dóigh is nach mbeadh na sopóga ar an talamh agus ba iarracht a bhí anseo fosta leis na francaigh a choinneáil as an chruach. Ansin chuirfí na sopóga ar mhullach na haitinne agus leantfaí an ciorcal thart timpeall ag coinneáil an coirce isteach i dtreo an láir go sroichfí thart fá leath bealaigh agus ansin thiontófaí na sopóga thart an dóigh eile ach choinneofaí an coirce i dtreo an láir i rith an ama, seo an dóigh leis an chruach a tharraingt isteach go dtí nach mbeadh ach sopóg amháin fágtha ar a mullach. Tá an chruach choirce tógtha ansin agus da mbeadh stuca feagacha agat thiocfadh leat díon a chuir ar an chruach ansin agus bheadh sí réidh don mhuileann. Corruair da mbeadh an muileann mall agus gan fodar ar bith fághta ghlacfá cúpla sopóg a tharraingt as an chruach agus iad a bhuaileadh istigh sa scioból leis an súiste ach chan rómhinic a tharlódh seo. Bheadh lá mór ar an bhaile nuair a thiocfadh an muileann leis an choirce a bhuaileadh. Bheadh na fir







uilig ón bhaile ag obair mar mheitheal leis an mhuileann, agus d'fhanfadh siad leis an mhuileann go mbeadh achan chruach ar an bhaile buailte acu. Beirt ar an mhuileann, duine acu ag gearraidh an bheilt agus duine eile ag cur na sopóga fríd an mhuileann, fear eile ar an chruach ag caitheamh suas na sopóga le gabhlán, fear nó beirt ag amharc i ndiaidh an chocháin agus cúpla duine ag amharc i ndiaidh na málaí coirce. Ach bheadh lear daoine ag cur I gcéill go raibh droim nimneach acu mar go raibh na málaí coirce an-trom ach nuair a gheobhadh siad scairt go raibh an tae réidh cha bheadh mórán ciotach lena ndroim. Bheadh go leor coirce fán áit anois agus mar a dúirt mé ag tús bhí tábhacht mhór ag baint leis an choirce. Tosaíonn na cearca ag breith uibheacha nuair a gheobhann siad an coirce; bíonn an capall breá ábalta fa choinne a chuid oibre nuair a gheobhann sé gopainn choirce agus bíonn an t-asal breá ábalta don phortach nuair a gheobhann sé an coirce fosta agus le mála plúr sa choirnéal cha bheadh ganntanas ar bith. Cha bheadh iomrá ar bith anois ar na lámha bochta a strócadh ar na driseoga nó a dódh le cúl faiche, ag ceangal an choirce nó ag cleasaíocht ar an spealadóir tré bheith ag cur na cloiche faobhair i bhfolach air. Leora is dóiche nach mbeidh mórán iomrá ar scéalta mar seo roimh i bhfad ach oiread.






Rinne na Dúnaibh an turas fada síos go Baile Bhúirne in Iarthar Chorcaí do Chomórtas Peile na Gaeltachta sa bhliain 2003 áit a bhfuair Lios Póil an bhuaidh orthu sa chluiche leath cheannais. Rinne siad an turas fada céanna arís go Baile Bhúirne sa bhliain 2016 agus is cinnte go dtug siad sárthaispeántas sa chluiche ceannais agus iad in éadan Rinn Mhaoile na Gaillimhe nuair a bhí buaidh de thrí phointe acu, rud a chiallaigh go raibh Corn Peile na Gaeltachta i ngrád na Sóisir buaite ag an chumann don tríú uair. Bhí bearna de cheithre bliana déag agus fiche druidte acu ón uair dheireannach a bhuaidh siad é sa bhliain 1982. D'éirigh leo cur le seo anuraidh, ar a bhfód dúchais fhéin anseo sna Dúnaibh, nuair a bhuaidh siad an comórtas don ceathrú uair, iad ag fáil an bhuaidh sa chluiche ceannais ar a gcomharsa béal dorais Gaeil Fhánada.

Ach i mbliana bhí ar na Dúnaibh turas fada a dhéanamh ó dheas arís, an turas ab fhaide dóibh, go dtí seo, sa chomórtas, sin turas go Corca Dhuibhne in Iarthar Chiarraí. Ceantar álainn atá i gCorca Dhuibhne atá suite ar an chósta siar ón Daingean, tírdhreach macasamhail ceantar Ros Goill agus pobal lách gaelach, daoine a bhfuil a gcroí sa pheil Ghaelach, sa chultúr agus sa teanga.

Rinne foireann na nDúnaibh an turas fada seo ar bhus, ag fágáil na Dúnaibh ar an Aoine i dtrátha aon déag a chlog. Bhí cúpla sos acu ar an bhealach, i Sligeach agus in Áth Dara, Co. Luimní, áiteacha a bhfuair siad greim le hithe chomh maith le scíste. Shroich siad Corca Dhuibhne mall tráthnóna; bhí a dteach lóistín i nDaingean Uí Chúis corradh agus cúig mhíle ó Ghallarús, an



Foireann peile na nDúnaibh a bhuaidh Comórtas Peile na Gaeltachta i ngrád na Sóisir.

áit a raibh an comórtas ar siúl. Bhí dhá pháirc socraithe don chomórtas peile, bhí an príomh pháirc i nGallarús macasamhail páirc peile na nDúnaibh mar go raibh sí suite in aice na trá. Bhí an dara páirc cúpla míle soir an bealach mór.

Bhí an mí-ádh ceart orthu de thairbhe nach raibh an aimsir thar mholadh beirte agus thuig bunadh na nDúnaibh ón bhliain anuraidh chomh tábhachtach agus atá an aimsir nuair a bhíonn comórtas peile na Gaeltachta a reáchtáil. Bhí báisteach furmhór an ama thíos i gCorca Dhuibhne le linn an deireadh seachtaine agus gaoth láidir lena chois agus cé gur chuir seo isteach ar chaighdeán peile na gcluichí is cinnte nár chuir sé isteach mórán ar spiorad an chomórtais mar rinne na sluaite freastal ar na cluichí agus ar an siamsaíocht san ollphubal.

**Na Cluichí.**

Bhí a gcéad chluiche ag na Dúnaibh ar an dara páirc maidin Dé Sathairn in éadan an Seanphobal as Co. Phort Láirge. Bhí barúil mhaith ag bainistíocht na nDúnaibh nach mbeadh an Seanphobal róláidir agus sin mar a bhí. Bhí buaidh mhór ag na Dúnaibh, an scór ag deireadh ná 6-17 ag na Dúnaibh agus 0-7 ag an Seanphobal. Thiocfaí a rá go fírinneach go raibh na Dúnaibh ar a gcomhairle fhéin ó thús go deireadh an chluiche. Bhí Lorcán Ó Conchúir mar phríomscórálaí le 3-7, Eric Mac Róibín 2-4, Caoimhín Ó Dochartaigh, 1-2, Séamus Mac Giolla Bhríde, 0-2, Gary Bán Mac Laifeartaigh 0-1 agus Caolán Mac Rodaigh 0-1.

Ach bhí an cath ba chruaidhe sa chomórtas le theacht, ba sin an cluiche leathcheannais in éadan Chill Chomain, Mhuigheó, bhí an cluiche seo socraithe don Domhnach. Chuaigh clú Chill Chomain rompu mar go raibh an gháir amuigh orthu go raibh foireann láidir leo agus go raibh rún daingean acu an comórtas a bhaint.

## Cluiche Leathcheannais.

Cé gur laghdaigh an fhearthainn bhí gála réasúnta láidir gaoithe ag séideadh agus bhí an ghaoth láidir seo i gcuid seolta na nDúnaibh don chéad leath ach mar a tharlaíonn go minic glacann sé tamall ar fhoireann socrú, fiú le comhar láidir gaoithe. Sin mar a tharla do na Dúnaibh sa chéad leath seo, bhí deacrachtaí go leor acu a máistreacht ar an pháirc a chur ar chlár na scóranna agus lena chois sin d'éirigh le Cill Chomáin a gcuid scóranna fhéin a fháil, cúl maith san áireamh. Ag leath am bhí bearna de chúig phointe idir na foirne: 1- 6 ag na Dúnaibh agus 1-1 ag Cill Chomáin. Bhí amhras ar chuid mhaith de lucht tacaíochta na nDúnaibh nach mbeadh go leor sa 5 phointe le iad a thabhairt go dtí an cluiche ceannais. Bheadh an ghaoth i ndroim Chill Chomáin anois don dara leath agus is cinnte go raibh sí ag treisiú. Ach sheas na Dúnaibh an fód go cróga agus ba sa dara leath seo a d'imir na Dúnaibh an pheil ab fhearr a d'imir siad don deireadh seachtaine; thug siad sárthaispeántas agus chríochnaigh siad an cluiche agus ceithre phointe idir na foirne. Bhí cosantóirí na nDúnaibh thar barr agus rinne na tosaithe obair éifeachtach ag cruthú agus ag fáil scóranna. Na Dúnaibh 2-9 Cill Chomáin 2-5. B'iad scórálaithe na nDúnaibh sa chluiche seo ná:

Caolán Mac Rodaigh 1-3, Eric Mac Róibín 1-2 agus Lorcán Ó Conchúir 0-4. Bhí na Dúnaibh anois breá dóchasach ag dul isteach sa chluiche ceannais ar an Luan.

## Cluiche Ceannais.

Cha raibh an brú céanna ar fhoireann na nDúnaibh sa chluiche ceannais mar a bhí orthu sa chluiche leathcheannais. Béal Atha







Na Dúnaibh faoi bhrú in aghaidh Chill Chomáin

Na Dúnaibh ar an ionsaí in aghaidh Chill Chomáin



Shay Mac Giolla Chomhaill agus cúigear de peileadóirí Chill Chomáin sna sála aige

an Ghaorthaidh a bhí mar chéilí comhraic acu ach cha raibh siad chomh cumasach le Cill Chomáin. Bhí an ghaoth ann arís cé nach raibh sí chomh láidir leis an lá roimhe sin agus bhí sí i ndroim na nDúnaibh don chéad leath. Bhain na Dúnaibh úsáid mhaith as comhar na gaoithe agus bhí siad sé phointe 'un tosaigh ag leatham agus an chosúlacht air go raibh siad ar a mbealach chun craobh sóisir na Gaeltachta a thabhairt ó thuaidh leo don dara bliain as a chéile. B'é an scór ag leatham ná: Na Dúnaibh 2-6 Béal Atha an Ghaorthaidh 1-3. Char athraigh an scéal móran le linn an dara leatha, bhí lámh an uachtair ag na Dúnaibh agus iad ar a gcomhairle fhéin. Char chuir Béal Atha an Ghaorthaidh ach pointe amháin lena scór leatham agus d'éirigh leis na Dúnaibh sé phointe eile a chur ar chlár na scóranna, rud a d'fhág an scór ag deireadh Na Dúnaibh 2-12 Béal Atha an Ghaorthaidh 1-4

B'iad scórálaithe na nDúnaibh sa chluiche ceannais ná:

Lorcán Ó Conchúr 0-5, Caolán Mac Rodaigh 1-0, Alan Pasoma 1-0 Eric Mac Róibín 0-3 agus Seaghán Ó Buaidhe, Dónal Mac Giolla Bhríde, Caoimhín Ó Dochartaigh agus Shay Mac Giolla Chomhaill pointe an duine.

Ba mhór an lúchair, ríméad agus mórtas cine a léirigh peileadóirí agus bunadh na nDúnaibh i ndiaidh an chluiche agus cé go raibh siad na céadta mile ó dheas cha raibh a dhath eile ar a n-intinn anois ach aghaidh a thabhairt ar an bhaile. Bheartaigh siad fágáil go luath i ndiaidh an chluiche, an turas fada a chur díobh agus a bheith sa bhaile go luath i ndiaidh an mheánoíche. Agus sin go díreach mar a tharla.

Cosúil mar a bhí sé dhá bhliain roimhe sin bhí na tinte cnámh a lasadh mall san oíche le fáilte a chur roimh na laochra buacacha. Bhí slua mór rompu nuair a shroich siad na Dúnaibh agus cuireadh fearadh na fáilte roimh an

fhoireann agus a bhfoireann bainistíochta. Níl amhras ná go raibh craic, ól agus ceol sa bharra beag a mhair go maidin!

Chuirfeadh sé i do cheann an fháilte a cuireadh roimh fhoireann na nDúnaibh a bhain Comórtas Peile na Gaeltachta don chéad uair ocht mbliana déag agus fiche roimhe sin agus a rinne an turas ó Chois Fharraige na bhaile agus a shroich na Dúnaibh timpeall an ama chéanna. Cá dtéann na blianta? Seo glún eile de pheileadóirí óga cumasacha agus cé déarfadh nach bhfeicfeadh muid an comórtas Sinsir a thabhairt ar ais anseo fá cheann cúpla bliain eile.

Roghnaíodh foireann ó Chomórtas Peile na Gaeltachta 2019 agus ba mhór an onóir é don chumann go raibh beirt as na Dúnaibh roghnaithe ar an fhoireann sin – ba sin Garry Bán Mac Laifeartaigh mar leathchúlaí ar dheis agus Lorcán Ó Conchúr sa líne lánthosach ar chlé. Bhí sé tuillte go maith acu. Má éiríonn leis na Dúnaibh ardú céime a fháil go Roinn 2 do shraith na Contae beidh siad ag imirt I ngrád na Sinsir de Chomórtas Peile na Gaeltachta an bhliain seo chugainn. Guímis gach rath orthu.



Lorcan Ó Conchúir & Garry Bán Mac Laifeartaigh a roghnaíodh an fhoireann na Gaeltachta




Peileadóirí & lucht bainistíochta ag an bhronnadh



An Corn a bhronnadh ar na Dúnaibh - Ben Mac Nuadhat agus Alan Pasoma

# Brú An Óige Thrá na Rosann

## le Nóirín Goulding





Is minic é ráite i seanchas Ros Goill gur bhronn teaghlach Phillimore as Londain an foirgneamh ar a dtugann muid Brú An Óige air (*Youth Hostel)* ar an eagraíocht An Óige. Ba dhaoine saibhre iad Lord agus Lady Phillimore. Bhí baint mhór ag Lord Phillimore le cúrsaí airgeadais agus bancaireachta i Sasana, go háirithe le Lloyd's Bank i gceantar Kensington i Londain. Greanta ar leac i mballaí an bhainc tá seo scríofa: *Baineadh an chloch so i Ros Goill i dTír Chonaill.* Is as cairéal *(quarry)* a bhí suite ar an Mheall Mhór a tháinig an chloch seo. I measc na ndaoine a bhí ag obair sa chairéal seo bhí Tuathal Stiofáin Mac an tSaoir as Baile na Deora. Saor cloiche den scoth a bhí i dTuathal.




An cairéal ar an Mheall Mór

An leac ag Lloyds Bank, Kensington



Bhí baint ag Phillimore fosta le tógáil tithe agus forbairtí eile i gceantar Kensington. Tá *Phillimore Gardens, Phillimore Place* agus *Phillimore Walk* le fáil in Kensington i rith an ama. Bhí fear dárbh ainm Frank Sydney Chesterton ag obair dó mar ail-tire. Bhí an fear seo muinteartha don scríobhneoir cáiliúil GK Chesterton a dúirt lá den tsaoil *'The great Gaels of Ireland are the men that God made mad, for all their wars are merry, and all their songs are sad'*!



Seo pictiúr de Neidí Jimí Mac Lochlainn as Gort na Luchóg a bhí ina mhaor ar Bhrú An Óige i dTrá na Rosann tráth den tsaol

Thug Phillimore scaifte fear as Ros Goill leis anonn go Londain le cuidiú leis an obair thógála a bhí ar siúl aige. Ina measc bhí sean-uncail de mo chuid féin, sin Micí Mac Lochlainn as Gort na Luchóg.


Ag dul ar ais chuig Brú An Óige, deirtear gur thóg muintir Phillimore an teach seo í dtús báire mar theach saoire dóibh féin. Chaith siad tréimhsí ama anseo anuas fríd na bliantaí. Fuair Lord Phillimore bás i 1929. Ina dhiaidh sin bhíodh Lady Phillimore ag fanacht i mBrú An Óige i dTrá na Rosann léi féin. De réir cosúlachta bean charthanach *(charitable)* a bhí inti a raibh tuiscint aici don chruatan a bhí á fhulaingt



An chrois ag Dún Dubháin

ag muintir na háite seo san am. Deirtear gurb ise a shocraigh an chrois i nDún Dubháin a thógáil. Shíl sí go dtiocfadh le daoine a n-urnaí a rá ag an chrois in ionad siúl fada bheith acu go dtí'n teach pobail i gCarraig Airt. Cha raibh an sagart paróiste sásta a bheannacht a thabhairt don tsocrú seo agus lean an turas fada chun an Aifrinn do mhuintir na háite. Tá sé ráite i seanchas na háite gur bhronn Lady Phillimore an teach i dTrá na Rosann ar An Óige ach scéal eile atá le fáil i gcaipéisí sa Leabharlann Náisiúnta. Anseo deirtear gurbh le Lord Leitrim an áit agus gur dhíol sé an teach agus trí acra talaimh leis An Óige ar £62-10s i Mí Márta 1939. Insíonn seo scéal eile dúinn, scéal a léiríonn dúinn an stair chasta a bhaineann le úinéireacht *(ownership)* talaimh na tíre seo, fiú le cuimhne na ndaoine.

Le bliantaí fada anois tá Brú An Óige á úsáid mar áit le theacht ann le cúpla lá a chaitheamh ag spaisteoireacht thart fá Ros Goill, ag sú isteach áilleacht agus oidhreacht na háite, ag siúl ar Thrá na Rosann, ag dul in airde ar Chnoc na Sleá agus ag moladh nadúr Dé le héirí agus luí na gréine. Cibé stair a bhaineann le bunú agus díol Brú An Óige ná déanaimís dearmad orthu sin uilig a d'fhág rian a gcos agus lorg a láimhe ar an áit seo a tharraing cuairteoirí as fud an domain go dtí ár gceantar ghalánta le fada an lá.



The Equitable Life Assurance Society
The "Old Equitable," founded 1762
19, Coleman Street
London, E.C. 2

Telephone: Metropolitan 4545
Telegrams: Equitassus-Ave-London

9th December 1938

The society has no shareholders and pays no commission and thus secures exceptional benefits to its members.

Please reply to the Society, quoting WEG/SJ

B.R.Warren, Esq.,
5, Bedford Square,
W,C.1.

Dear Sir,


Lord Leitrim - Mortgage

We thank you for your letter of yesterday's date and agree to the sale of about 3 acres of land for £62:10s to the Irish Youth Hostels Trust. We shall be obliged if you will proceed on the basis of all expenses being paid by the Borrower.

Yours faithfully,

Deputy Manager

Litreacha faoi dhíol Brú an Óige



Osborne & Co.
Solicitors.
Telegrams: Osborne, Milford-Donegal.
J. Allan Osborne, Notary Public.
Telephone No. 9.

Milford,
Co. Donegal.
15th March 1939

Lord Leitrim's Donegal Estates
Sale to Irish Youth Hostel

Dear Sirs,

It was only after several application that we have now received the purchase money in this matter amounting to £62/10/0. We therefore enclose note of our costs which we have receipted amounting to £6/11/0 together with cheque for balance of purchase money £55/19/0.

We asked the Solicitors for the Purchaser to let us know the date they are inserting in the Conveyance.

Yours faithfully

Messrs Warrens
5 Bedford Square
London W C 1

# Campaí Samhraidh Gaeilge Chéim Aniar Iúil 2019













# Campaí Samhraidh Gaeilge Chéim Aniar




## Lúnasa 2019












Údarás na Gaeltachta

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com